

# Eolas do Bhunscoileanna

Is tionscadal é **Scríobh Leabhar** atá urraithe ag **Clár na Leabhar Gaeilge**. Reáchtáiltear an tionscadal i gcomhpháirt le hionaid oideachais éagsúla ar fud na hÉireann. Tugann **Scríobh Leabhar** deis do pháistí bunscoile a gcuid leabhar féin a scríobh, a dhearadh, agus a fhoilsiú as Gaeilge. Cuireann sé léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge chun cinn i measc páistí óga.

Déanann na páistí a gcuid leabhar féin a scríobh, a mhaisiú agus a cheangal faoi threoir a múinteoirí. Cuireann an tionscadal an-bhéim ar an bpróiseas scríbhneoireachta féin. Tá an tionscadal an-solúbtha, is féidir le gach páiste sa rang a leabhar féin a scríobh, nó obair lena chéile i ngrúpaí, nó is féidir leis an rang ar fad leabhar a scríobh.

Bíonn dhá rogha ag na páistí maidir leis an gcineál leabhair a scríobhann siad. Is féidir leo leabhar a scríobh de láimh nó is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as aipeanna oideachais ábhartha le cabhrú leis na páistí leabhar digiteach a scríobh más mian leo. Tá muid buíoch **d'Oide** a chruthaigh bileog eolais le **hacmhainní tacaíochta** ar líne agus a thug spás ar a suíomh idirlín d'acmhainní Scríobh Leabhar.

Faigheann gach páiste a ghlacann páirt i **Scríobh Leabhar** teastas agus duais.

# Information for Primary Schools

**Scríobh Leabhar** is a project sponsored by **Clár na Leabhar Gaeilge**. The project is organised in partnership with various education centres throughout Ireland. **Scríobh Leabhar** provides primary school students with the opportunity to write, design and publish their own books in Irish. It promotes the reading and writing of Irish amongst young children.

The children write, design and bind their own books under the direction of their teachers. The main focus of the project is the writing process itself. The project is very flexible, each child in the class can write their own book, or work together in groups, or the entire class can write a book.

Children have two options in relation to the type of book they wish to write. Their book can be handwritten or teachers may use relevant educational apps to help the children to write digital books if they wish. We are grateful to **Oide** who have .created a space for **Scríobh Leabhar resources** on their website.

Each child who participates in **Scríobh Leabhar** receives a certificate and a prize.

Tuilleadh eolais
More information
https://www.forasnagaeilge.ie/scriobhleabhar/



2026-27

# Scríobh Leabhar

## Eolas do Bhunscoileanna

## Information for Primary Schools

SCRÍOBH LEABHAR · CLÁR NA LEABHAR GAEILGE · Foras na Gaeilge

| Mí<br>Month | Amscála do Scoileanna | Timescale for Schools |
|---|---|---|
| Meán Fómhair<br>September | • Cláraíonn na scoileanna a suim leis an ionad oideachais. | • Schools register their interest with the education centre. |
| Nollaig<br>December | • Faigheann na scoileanna na leabhráin ón ionad oideachais agus scríobhann na páistí a gcuid leabhar. | • Schools receive the booklets from the education centre and children write their books. |
| Eanáir<br>January | • Cuireann na scoileanna in iúl don ionad oideachais líon na bpáistí a ghlac páirt. | • Schools inform the education centre of the number of participating children. |
| Márta<br>March | • Faigheann na scoileanna teastais agus duaiseanna ón ionad oideachais do gach páiste a ghlac páirt. Gheobhaidh gach páiste teastas agus duais bheag.<br>• Faigheann na scoileanna foirm cheada ón ionad oideachais. Roghnaíonn an múinteoir buaiteoir amháin ó gach rang agus cuirfear leabhar an bhuaiteora ar shuíomh Scríobh Leabhar. Caithfidh tuismitheoir/caomhnóir foirm cheada a chomhlánú don bhuaiteoir ó gach rang. | • Schools receive prizes from the education centre for all participating children. Every child who takes part will receive a certificate and small prize.<br>• Schools receive permission forms from the education centre. The teacher chooses one winner from each class and the winner's book will be displayed on the Scríobh Leabhar website. A parent/guardian must complete a permission form for the winner from each class. |
| Aibreán<br>April | • Bíonn searmanas duaiseanna ag na scoileanna ina scoileanna féin nó, má tá comhshearmanas eagraithe ag an ionad oideachais do gach scoil sa cheantar, is féidir le scoileanna freastal air seo.<br>• Cuireann na scoileanna na leabhair bhuaiteacha amháin agus foirm cheada ó gach dalta buaiteach chuig an ionad oideachais lena gcur ar aghaidh chuig CNLG le huaslódáil ar shuíomh Scríobh Leabhar. Déanfar na leabhair a uaslódáil faoi mhí Mheán Fómhair. | • Either schools hold a prize ceremony in their own individual schools or, if the education centre has organised a joint ceremony for all schools in the area, schools can attend this.<br>• Schools send winning books only and a consent form from each winning pupil to the education centre for submission to CNLG and uploading on the Scríobh Leabhar site. Books will be uploaded for September. |

*Amscála léiritheach*
*Illustrative timeframe*

**Eolas úsáideach**

- Is féidir samplaí de na leabhair ó bhlianta eile a fheiceáil ar ár suíomh idirlín: https://www.forasnagaeilge.ie/scriobhleabhar/
- Tá ábhar tacaíochta cruthaithe ag **Oide** ar fáil **anseo**.

**Helpful information**

- Samples of books from other years can be found on our website: https://www.forasnagaeilge.ie/scriobhleabhar/?lang=en
- Bilingual resources created by **Oide** are available **here**.